**CINNEADH (AE) 2025/2090 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 10 Deireadh Fómhair 2025**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí idir dlí an Aontais agus an Dara hEagrán de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Chicago um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago'), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit an Aontais agus is comhaltaí de ICAO iad, ach is stádas breathnóra atá ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta a ghlacadh.

(4) Tugadh i gcrích an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i mí na Nollag 2015 mar ar glacadh Comhaontú Pháras. Is é is cuspóir do Chomhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú i bhfad faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú go 1,5 °C. Ba cheart do gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach, lena n-áirítear earnáil na heitlíochta idirnáisiúnta.

(5) In 2016, ag an 39ú Comhthionól Ginearálta de chuid ICAO, cinneadh scéim beart margadhbhunaithe domhanda a fhorbairt chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón eitlíocht idirnáisiúnta a theorannú go leibhéil 2020. Bunaíodh seasamh an Aontais i ndáil leis sin le Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle ([1]).

(6) Ag an 10ú cruinniú den 214ú seisiún dá cuid, ghlac Comhairle ICAO an Chéad Eagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago: na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA).

(7) Ag an 228ú seisiún dá cuid, ghlac Comhairle ICAO Leasú 1 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, tar éis leasuithe a mhol an Coiste um Chosaint an Chomhshaoil san Eitlíocht agus tar éis thoradh athbhreithniú tréimhsiúil CORSIA 2022. Tháinig an Dara hEagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ('an Dara hEagrán'), a bhí mar thoradh air sin, i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

(8) Cumhdaítear le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago imeacht ó chaighdeáin agus nósanna imeachta idirnáisiúnta. I gcomhréir leis an Airteagal sin, más dofheidhmithe d'aon Stát conarthach aon chaighdeán nó aon nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin a chomhlíonadh ar gach bealach nó más dofheidhmithe dó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta tar éis leasú a bheith déanta ar an gcaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta sin, nó má mheasann sé é a bheith riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon bhealach ar leith leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, ní mór don Stát sin fógra láithreach a thabhairt do ICAO faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta.

([1]) Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2016 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ionstraim idirnáisiúnta atá le tarraingt suas laistigh de chomhlachtaí ICAO agus a bhfuil sé beartaithe léi go gcuirfí chun feidhme ó 2020 ar aghaidh beart domhanda margadhbhunaithe aonair i ndáil le hastaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta (IO L 153, 10.6.2016, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/915/oj).

(9) Ós rud é go bhfuil difríochtaí áirithe idir dlí an Aontais agus an Dara hEagrán, ba cheart seasamh an Aontais a bhunú maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago.

(10) Cuirtear CORSIA chun feidhme i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). An seasamh atá le glacadh in ICAO maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí idir an Treoir sin agus an Chéad Eagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, bunaíodh é le Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle ([3]).

(11) In 2023, leasaíodh Treoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Ceann de na cuspóirí a bhí ag Treoir (AE) 2023/958 ba ea cur chun feidhme CORSIA a shaothrú san Aontas.

(12) Moltar seasamh an Aontais maidir le fógra a thabhairt faoi na difríochtaí, a leagtar amach sa Chinneadh seo, ag an gcéim seo toisc gur glacadh gníomhartha dlí ábhartha an Aontais a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme CORSIA san Aontas.

(13) Foráiltear le hAirteagal 12 de Threoir 2003/87/CE go nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonraítear an mhodheolaíocht chun ceanglais fritháirimh ar oibreoirí aerárthaí a ríomh. Dá réir sin, an 9 Iúil 2024, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 ([5]).

(14) Mar a cuireadh in iúl do Rúnaíocht ICAO, agus mar a d'aithin an Rúnaíocht, tá na hastaíochtaí bliantúla $CO_2$ le haghaidh na bpéirí Stát uile arna dtuairisciú ag na Ballstáit do Rúnaíocht ICAO mar astaíochtaí atá faoi réir ceanglais fritháirimh gan dochar do ríomh na gceanglas fritháirimh agus do chainníocht na nAonad Incháilithe CORSIA atá le cur ar ceal chun comhlíonadh a léiriú.

(15) De bhun Threoir 2003/87/CE, is iad aonaid incháilithe CORSIA na haonaid sin a chinneann Comhairle ICAO, ar choinníoll go dtagann siad ó Stát a chuireann Comhaontú Pháras chun feidhme agus atá rannpháirteach in CORSIA. Ba cheart fógra a thabhairt do ICAO faoin difríocht sin.

(16) De bhun Threoir 2003/87/CE, i dteannta na n-eitiltí a shonraítear sa Dara hEagrán, tá na heitiltí seo a leanas díolmhaithe ó cheanglais faireacháin freisin: eitiltí faoi rialacha amharceitilte, eitiltí le haghaidh taighde eolaíochta nó tástála aerárthaí agus eitiltí oibleagáide seirbhíse poiblí. Ba cheart fógra a thabhairt do ICAO faoin difríocht sin.

(17) De bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún ([6]), maidir le hoibreoirí aerárthaí nach bhfuil incháilithe uirlisí meastacháin astaíochtaí a úsáid, tá siad le Modh A nó Modh B a úsáid mar mhodh faireacháin ar úsáid breosla. Tá siad leis an modh céanna a úsáid chun gach eitilt a thuairisciú, lena n-áirítear eitiltí nach bhfuil faoi réir ceanglais fritháirimh. Ba cheart fógra a thabhairt do ICAO faoin difríocht sin.

([2]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/2027/oj).

([4]) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/958/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais fritháirimh a ríomh chun críoch CORSIA (IO L, 2024/1879, 10.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1879/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

(18) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt do ICAO faoi na difríochtaí tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas dá réir sin.

(19) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ICAO maidir leis an Dara hEagrán a bhunú, ós rud é go bhfuil sé ina cheangal ar na Ballstáit de bhun agus faoi chuimsiú na dteorainneacha a leagtar amach in Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago. Tá an Dara hEagrán le bheith ina cheangal freisin ar an Aontas agus ar na Ballstáit faoi chuid de na comhaontuithe aeriompair idirnáisiúnta reatha. Dá bhrí sin, tagann glacadh sheasamh an Aontais i ndáil leis an bhfógra atá le tabhairt faoi dhifríochtaí faoi raon feidhme Airteagal 218(9) den Chonradh.

(20) Ba cheart do gach Ballstát seasamh an Aontais a chur in iúl, ag gníomhú dóibh chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ICAO maidir le fógra a thabhairt faoi na difríochtaí idir dlí an Aontais agus an Dara hEagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago: na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) ('an Dara hEagrán'): cuirfidh gach Ballstát isteach na difríochtaí i gCóras ICAO um Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Chinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Ní dochar an fógra faoi dhifríochtaí a leagtar amach san Airteagal seo d'fhógraí eile arna gcur isteach de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago i ndáil leis na forálacha d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

2. Difríocht i dtaca le pointe 4.3.1 de Chaibidil 4 den Dara hEagrán 'Aonaid Astaíochtaí', leis na sonraí difríochta seo a leanas:

*'Tugann [an Ballstát] fógra do ICAO go n-áirithítear comhlíonadh na gceanglas fritháirimh a eascraíonn as astaíochtaí ó eitiltí arna n-oibriú ag oibreoirí atá bunaithe i/sa [an Ballstát], laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó ó eitiltí a oibrítear ó LEE chuig an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe agus ó eitiltí amach, i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* ([1])*, trí lamháltais a thabhairt suas faoi scéim réigiúnach CTA AE a bhfuil feidhm acu freisin maidir leis na heitiltí sin.*

*Le rannpháirtíocht sna scéimeanna réigiúnacha, cuirtear d'oibleagáid ar oibreoirí as [an Ballstát] aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí sin.*

*Dá bhrí sin, déantar comhlíonadh na gceanglas fritháirimh ag céim um chur ar ceal aonad, a shonraítear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Meastar go mbeidh ceanglais fritháirimh CORSIA comhlíonta ag oibreoirí arna riar ag [an Ballstát] ach a mbeidh Tuarascáil fíoraithe um chur ar ceal aonad astaíochtaí curtha isteach acu. Léireofar sa tuarascáil sin cealú leibhéal leordhóthanach aonad CORSIA, cé is moite d'eitiltí idir Stáit LEE agus eitiltí idir Stáit LEE agus an Ríocht Aontaithe nó an Eilvéis.*

([1]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO AE L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).'

Déanfar an difríocht sin a lipéadú mar dhifríocht Chatagóir A, 'Níos beaichte nó ag dul níos faide ná Caighdeán nó Cleachtas Molta ICAO' agus mar 'Dhifríocht Shuntasach' sa Chóras um Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí.

3. Difríocht i dtaca le pointe 4.2.1 de Chaibidil 4 den Dara hEagrán, 'Aonaid Astaíochtaí', leis na sonraí difríochta seo a leanas:

*'I gcomhréir le hAirteagal 11a de Threoir 2003/87/CE, tugann [Ballstát] fógra do ICAO nach mór, sa bhreis ar na critéir a áirítear i ndoiciméad ICAO dar teideal "CORSIA Emissions Unit Eligibility Criteria" [Critéir Incháilitheachta Aonad Astaíochtaí CORSIA], na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chun go measfar aonaid a bheith incháilithe chun CORSIA a chomhlíonadh i gcás oibreoirí arna riar ag [Ballstát]:*

(a) *ní mór na haonaid a bheith de thionscnamh Stáit ar Páirtí é i gComhaontú Pháras tráth na húsáide;*

(b) *ní mór d'aonaid bheith de thionscnamh Stáit atá rannpháirteach i bhfritháireamh CORSIA.'*

Déanfar an difríocht sin a lipéadú mar dhifríocht Chatagóir A, 'Níos beaichte nó ag dul níos faide ná Caighdeán nó Cleachtas Molta ICAO' agus mar 'Dhifríocht Shuntasach' sa Chóras um Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí.

4. Difríocht i dtaca le pointe 2.1.1 de Chaibidil 2 den Dara hEagrán, 'Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú (MRV) astaíochtaí bliantúla $CO_2$ Oibreoirí Eitleán', leis na sonraí difríochta seo a leanas:

*'I gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, tugann [an Ballstát] fógra do ICAO nach mbeidh feidhm, i dteannta na ndíolúintí a leagtar amach i bpointí 2.1.1 agus 2.1.3 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, ag na Caighdeáin ná na Cleachtais Mholta sa Chaibidil seo maidir leis na heitiltí seo a leanas a imíonn ó LEE nó a thagann isteach ann:*

(a) *aon eitilt a dhéantar faoi rialacha amharceitilte mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, agus faoi na rialacha sin amháin;*

(b) *eitiltí a dhéanfar chun críche taighde eolaíoch, agus chun na críche sin amháin, nó chun aerárthaí nó trealamh, cibé acu san aer nó ar talamh, a sheiceáil, a thástáil nó a dheimhniú;*

(c) *eitiltí a dhéanfar faoi chuimsiú oibleagáidí seirbhíse poiblí, ar oibleagáidí iad a fhorchuirtear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008* [1].

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO AE L 293, 31.10.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1008/oj).'

Déanfar an difríocht sin a lipéadú mar dhifríocht Chatagóir C, 'Curtha chun feidhme go páirteach' agus ní mar 'Dhifríocht Shuntasach' sa Chóras um Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí.

5. Difríocht i dtaca le pointí 2.2.1.3.1, 2.2.1.3.2 agus 2.2.1.3.6 de Chaibidil 2 den Dara hEagrán, 'Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú (MRV) astaíochtaí bliantúla $CO_2$ Oibreoirí Eitleán', leis na sonraí difríochta seo a leanas:

*'I gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún* [2]*, measfar gur astaírí beaga iad oibreoirí aerárthaí a oibríonn níos lú ná 243 eitilt in aghaidh na tréimhse ar feadh trí thréimhse ceithre mhí as a chéile agus oibreoirí aerárthaí a oibríonn eitiltí ar lú a n-astaíochtaí bliantúla iomlána ná 25 000 tona $CO_2$ in aghaidh na bliana. Tugann [Ballstát] fógra do ICAO go n-úsáidfidh oibreoirí aerárthaí atá os cionn thairseach na n-astaírí beaga Modh A nó Modh B mar Mhodh Faireacháin ar Úsáid Breosla.'*

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO AE L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).'

*'I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, tugann [Ballstát] fógra do ICAO go n-úsáidfidh oibreoirí aerárthaí an modh Faireacháin ar Úsáid Breosla roghnaithe le haghaidh a n-eitiltí tuairiscithe uile, lena n-áirítear le haghaidh eitiltí idirnáisiúnta nach bhfuil faoi réir ceanglais fritháirimh.'*

*'I gcomhréir le Treoir 2003/87/CE, tugann [Ballstát] fógra do ICAO, maidir le hoibreoirí aerárthaí a chomhlíonann ceanglais phointí 2.1.1 agus 2.1.3 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, tar éis an 1 Eanáir 2021 den chéad uair gan cáiliú mar iontrálaí nua agus nach astaírí beaga iad, go n-úsáidfidh siad Modh Faireacháin ar Úsáid Breosla go díreach.'*

Déanfar an difríocht sin a lipéadú mar dhifríocht Chatagóir A, 'Níos beaichte nó ag dul níos faide ná Caighdeán nó Cleachtas Molta ICAO' agus ní mar 'Dhifríocht Shuntasach' sa Chóras um Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí.

6. Comhdóidh gach Ballstát na difríochtaí san Airteagal seo tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

S. LOSE